# SIS II
## Córas Faisnéise Schengen II

*Ag cabhrú leis na húdaráis náisiúnta um fhorfheidhmiú dlí agus riaracháin cosaint níos fearr a thabhairt do limistéar Schengen, coireacht a chomhrac agus daoine atá ar iarraidh a aimsiú.*

**Ceisteanna faoin AE?**

Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach.

Uimhir shaorghlao (*):

**00 800 6 7 8 9 10 11**

*Ní cheadaíonn oibritheoirí teileafóin soghluaiste áirithe rochtain ar uimhreacha 00 800 nó d'fhéadfaí airgead a ghearradh ar na glaonna seo.

DR-31-13-412-GA-C

© Megumi | Dreamstime.com

# SIS II
## Córas Faisnéise Schengen II



**AG CABHRÚ LEAT GLUAISEACHT GAN SRIANADH, AG CABHRÚ LEAT MAIREACHTÁIL GO SÁBHÁILTE**

© An tAontas Eorpach, 2013

ISBN 978-92-79-28606-3
doi:10.2837/67985

Tá tuilleadh faisnéise faoi SIS II agus faoi do chearta ar:
**ec.europa.eu/dgs/home-affairs/sisii**

AN tAONTAS EORPACH

GA

## Cad is Limistéar Schengen ann?

Cuid mhór de mhór-roinn na hEorpa is ea limistéar Schengen, áit a bhfuil deireadh curtha le seiceálacha ag na comhtheorainneacha inmheánacha. Tá comhrialacha curtha i bhfeidhm ag na tíortha rannpháirteacha maidir le seiceálacha ag na teorainneacha seachtracha i limistéir Schengen agus maidir le víosaí a eisiúint agus comhoibriú idir seirbhísí na bpóilíní agus na seirbhísí breithiúnacha i ndáil le gnóthaí coiriúla (féach liosta tíortha Schengen ar an leathanach Idirlín ar bhonn na bileoige seo).

## Cad is Córas Faisnéise Schengen ann?

Is é Córas Faisnéise Schengen (agus an dara glúin den chóras - SIS II,) atá i gcroílár chomhar Schengen. Córas faisnéise is ea é a chuireann ar chumas an lucht um rialú teorann náisiúnta, na n-údarás custaim agus na bpóilíní atá freagrach as seiceálacha ar threorainn sheachtrach limistéar Schengen agus laistigh de limistéar Schengen foláirimh a scaipeadh faoi dhaoine nó rudaí atá ar iarraidh nó ag teastáil, amhail feithiclí agus dhoiciméid a goideadh. Dá bhrí sin, leanann SIS II leis an ról tábhachtach mar chúiteamh as deireadh a chur leis na seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha agus éascaíonn saorghluaiseacht daoine laistigh de limistéar Schengen.

Tugann SIS II faisnéis faoi dhaoine nach bhfuil de cheart acu dul isteach i limistéar Schengen nó fanacht ann, nó orthu siúd atá á lorg mar gheall ar ghníomhaíochtaí coiriúla. Tá faisnéis á coinneáil ag SIS II faoi dhaoine atá ar iarraidh, go háirithe páistí nó daoine leochaileacha eile a bhfuil cosaint ag teastáil uathu. De bhreis air seo déantar sonraí faoi rudaí áirithe a thaifeadadh in SIS II, mar shampla faoi ghluaisteáin, airm thine, bháid agus dhoiciméid aitheantais a goideadh nó a cailleadh, b'fhéidir, nó a úsáideadh chun coir a dhéanamh.

Go bunúsach, féadann údaráis chustaim, phóilíneachta, bhreithiúnacha nó údarás riaracháin lena mbaineann i dtír amháin 'foláireamh' a chur amach a dhéanann cur síos ar an duine nó ar an rud atá á lorg. D'fhéadfaí foláireamh a chur amach ar na cúiseanna seo a leanas:

- Iontráil a dhiúltú do dhaoine nach bhfuil de cheart acu teacht isteach nó fanacht i gcríoch Schengen;
- Daoine a bhfuil Barántas Gabhála Eorpach eisithe ina dtaobh a aimsiú agus a ghabháil;
- Cabhrú chun daoine a aimsiú de réir mar atá iarrtha ag na húdaráis bhreithiúnacha nó ag na húdaráis um fheidhmiú an dlí;
- Duine atá ar iarraidh a aimsiú agus a chosaint;
- Maoin ghoidte nó maoin chaillte a aimsiú.


© iStockphoto | Maciej Noskowski

Is ionann na sonraí a stóráiltear in SIS II agus na sonraí atá ag teastáil chun duine a shainaithint (lena n-áirítear pictiúr agus méarloirg), chomh maith le faisnéis ábhartha faoin bhfoláireamh (lena n-áirítear an beart atá le déanamh).

## Cé hiad na húdaráis a bhfuil rochtain acu ar shonraí SIS II?

Tá rochtain ar SIS II teoranta do na húdaráis um fheidhmiú an dlí, na húdaráis bhreithiúnacha agus na húdaráis riaracháin amháin. Níl rochtain ag na húdaráis seo ach ar na sonraí siúd in SIS II atá ag teastáil uathu chun a gcuid tascanna sonracha féin a chomhlíonadh. Tá cearta rochtana teoranta ag na Gníomhaireachtaí Eorpacha EUROPOL agus EUROJUST chun cineálacha áirithe fiosrúcháin a chomhlíonadh.

## Conas a chinntítear go bhfuil sonraí pearsanta á gcosaint?

Tá ceangal ar na húdaráis i ngach tír a bhaineann úsáid as SIS II cáilíocht na sonraí a chuireann siad isteach sa chóras a scrúdú. Tá dianriachtanais maidir le cosaint sonraí i bhfeidhm i limistéar Schengen. Má stóráiltear sonraí pearsanta faoi dhuine tá de cheart ag an duine sin rochtain a lorg orthu agus a chinntiú go bhfuil siad cruinn agus gur iontráladh de réir an dlí iad. Murab amhlaidh atá, tá de cheart ag an duine a iarraidh go ndéantar iad a cheartú nó a scriosadh.

Ní féidir rochtain a dhiúltú ach amháin má tá fíorghá leis seo chun tasc dlíthiúil a chur i gcrích a bhaineann le foláireamh agus chun cearta agus saoirse daoine eile a chosaint.

## Cad a tharlóidh má bhaineann duine mí-úsáid as m'ainm, duine atá gafa i gcoir nó in iontráil neamhdhleathach i limistéar Schengen ?

Uaireanta baintear úsáid as aitheantas bréagach le coir a dhéanamh nó le hiarracht chun teacht isteach nó fanacht i limistéar Schengen agus is minic a bhaintear úsáid as doiciméid aitheantais a cailleadh nó a goideadh. Má éiríonn foláireamh in SIS II dá bharr d'fhéadfadh fadhbanna a bheith ag an duine neamhchiontach ar goideadh a aitheantas mar thoradh air sin. Tá nósanna imeachta mionsonraithe i bhfeidhm áfach, chun leasa na ndaoine neamhchiontacha seo a chosaint (féach thíos).

## Conas a chuirtear isteach ar rochtain, ar cheartú agus ar scriosadh sonraí pearsanta má baineadh mí-úsáid astu.

Más dóigh leat gur baineadh mí-úsáid as do shonraí pearsanta nó gur gá iad a cheartú nó a scriosadh féadann tú rochtain a lorg orthu i dtír ar bith de chuid Schengen trí teagmháil a dhéanamh leis an údarás inniúil (an t-údarás náisiúnta um chosaint sonraí nó an t-údarás atá freagrach as cáilíocht na sonraí náisiúnta a iontráiltear i SIS II, de ghnáth). Má tá tú lasmuigh de limistéar Schengen féadann tú teagmháil a dhéanamh le consalacht thír Schengen sa tír ina bhfuil cónaí ort faoi láthair. Cuirfear torthaí d'iarratais in iúl duit laistigh de thrí mhí.

Tá tuilleadh faisnéise faoi SIS II agus faoi do chearta ar fáil ar:
**ec.europa.eu/dgs/home-affairs/sisii**

EUJLS08B - HOME - SIS II - Leaflet V22.indd 2 20/03/2013 09:25:35